GX428

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
National University of Ireland, Galway

Réamh Gheilleagar (EC102) 2002.

An Dara Páipéar (Pas & Onóracha).

An Chéad Scrúdú Ollscoile i nDáin agus i dTráchtáil.

An t-Ollamh H. Dixon
An t-Ollamh M.P. Cuddy
Tomás Mac Pháidín

TRÍ hUAIR a chloig a cheadófar.

Roinn A (25 marc)

Caithfear freagraí don roinn seo a sheoladh ar ais le do leabhar freagraí.
Is cóir na freagraí is cirte a chur i bhfáinne i ngach cás.
Cuirfear marcáil dhiúltach i bhfeidhm (2½ do fhreagra ceart, píonós de mharc amháin do fhreagra mícheart, agus náid do cheist nach bhfreagraítear).

Uimhir scrúduithe: _____

Ainm: _____

1. Tá córas cáin ioncaim na hÉireann:
   (a) Díreach.
   (b) Indíreach.
   (c) Céimnitheach (progressive).
   (d) Comhréireach (proportional).
   (e) (a) agus (c).

2. Má mhéadaíonn an claonadh teorannach chun coigilte (M.P.S.):
   (a) Titfidh an leibhéal infheistíochta.
   (b) Beidh an claonadh teorannach chun tomhaltais níos mó ná haon.
   (c) Titfidh luach an iolraitheora.
   (d) Méadóidh luach an iolraitheora.

3. Le polasaí fioscach méadaitheach, bíonn:
   (a) Ardú cánacha, agus/nó laghdú i gcaiteachas an Rialtais.
   (b) Ísliú cánacha, agus/nó méadú i gcaiteachas an Rialtais.
   (c) Ísliú sa soláthar airgid.
   (d) Ardú i rátaí úis.
   (e) (b) agus (d).

4. Má íocann an rialtas as mótarbhealach nua chun freastal ar thionsclaíocht nua i dtír, seo sampla de:
   (a) Caiteachas poiblí.
   (b) Forbairt eacnamaíochta.
   (c) Polasaí fioscach.
   (d) Neamhshuim de thruailliú.
   (e) (a) agus (b).

5. Ciallaíonn ró-dhaonra (overpopulation):
   (a) Go bhfuil iomarca páistí sa tír.
   (b) Go bhfuil níos mó páistí ná sean daoine sa tír.
   (c) Go bhfuil iomarca den daonra ina gcónaí i mbailte móra.
   (d) Go dtiteann Olltáirgeacht Náisiúnta (G.N.P.) per capita le méadú daonra.

6. Ciallaíonn "Geilleagar Beag Oscailte"i gcomhthéacs na hÉireann:
   (a) Go bhfuil an tír ró-bheag le hiomaíocht a dhéanamh.
   (b) Gur oileán í Éire.
   (c) Go ndéanaimid trádáil le tíortha níos lú ná Éire.
   (d) Do gceadaítear onnmharú agus allmharú gan chonstaic (unhindered imports and exports).

7 Ciallaíonn ardú mór sa C.P.I.:
   (a) Go bhfuil sé níos costasaí do gach duine maireachtáil.
   (b) Fíorbheagán – mar bíonn botúin mhóra ró-mhinic san eolas.
   (c) Go bhfuil praghasanna do gach earra agus seirbhís níos airde ná roimhe.
   (d) Go bhfuil méan phraghasanna meáite (weighted average) d'earraí agus seirbhísí áirithe i ndiaidh ardú.

8. Cé acu díobh seo a leanas nach bhfuil mar mhór rannóg (major category) sa C.P.I.?

(a) Tobac.
(b) Tithíocht.
(c) Breosla agus solas.
(d) Milseáin agus cácaí.

9. Cé acu de na tíortha seo nach bhfuil mar bhall den réigiún Euro ?

(a) An Iodáil.
(b) An Fhrainc.
(c) An Fhionnlainn.
(d) An Iorua.
(e) Tá siad ar fad mar bhaill.

10. Dá gceannódh Meiriceánach saoire in Éirinn, is sampla é seo de:

(a) Allmharú infheicthe.
(b) Allmharú dofheicthe.
(c) Onnmharú infheicthe.
(d) Onnmharú dofheicthe.
(e) Gan aon cheann acu thuas.

Roinn B

Freagair trí cheist ar bith.
Scríobh do fhreagraí sa Leabhar Freagraí a soláthraíodh.
Taispeántar marcanna do na ceisteanna idir lúibíní.

1. (a) Mínigh le sampla cuí an modh le hinnéacs ilchodach (composite index) a chur le chéile. (6)
(a) Deir daoine áirithe nach dtugann Innéacs Praghasanna Tomhaltóra (C.P.I.) léargas maith ar ardú i gcostas den chaighdeán maireachtála in Éirinn. Pléigh an ráiteas seo. (10)
(c) Ar cheart do mhuintir na hÉireann a bheith buartha faoin ráta boilscithe sa tír le tamall anuas? (9)

2. (a) Mínigh 'dlí an ollbhuntáiste' le sampla cuí. (8)
(b) Tabhair cúiseanna nach noibreodh an tsamhail thuas sa saol réadúil. (8)
(c) Pléigh trí rud a bhronann ollbhuntáiste nó buntáiste comparáideach ar Éirinn, agus í ag trádáil go hidirnáisiúnta. (9)

3. (a) Pléigh roinnt iarmhairtí eacnamaíochta d'Éirinn as Aontas Airgeadaíochta na hEorpa (E.M.U.). (10)
(b) Luaigh agus mínigh trí chritéir eacnamaíochta ar bith a bhí mar riachtanais d'aon tír a bheadh mar bhall den réigiún Euro. (9)
(c) Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go gcloífeadh tíortha leis na critéir atá luaite agat thuas? (6)

4. (a) Imlínigh dhá mhodh ar bith le hIoncam Náisiúnta a thomhas. (10)
(b) Léirigh cén éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag gach ceann díobh seo a leanas ar an leibhéal d'Ioncaim Náisiúnta sa tír.
    (i) Caiteachas Poiblí (Caiteachas an Rialtais).
    (ii) An t-iolraitheoir.
    (iii) Cánacha. (15)

5. Tá athruithe bunúsacha i ndiaidh teacht ar mhargadh saothair na hÉireann, agus ar an leibhéal dífhostaíochta ó 1994. Pléigh an ráiteas seo. (25)

6. 'Is gá do rialtas ar bith rogha a dhéanamh idir aidhmeanna agus polasaithe eacnamaíochta éagsúla toisc acmhainní teoranta a bheith aige'.
Pléigh an ráiteas seo i dtéarmaí roinnt de na roghanna a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh don tréimhse 2002 - 2007. (25)